



Fine Gall agus Éirí Amach 1916



Campaí

Campaí - Seo na háiteanna a raibh fir de chuid an 5ú Cathlán ar billéad nó ar campa i rith Sheachtain na Cásca agus iad ag coinneáil ag imeacht.



19. Fionnghlas

19. Fionnghlas Anseo an áit a bhí an 5ú Cathlán ar campa ar dtús i rith Sheachtain na Cásca. Dé Máirt, an 25 Aibreán 1916, chuir Ághas 20 fear isteach sa chathair tar éis do Shéamus Ó Conghaile sin a iarraidh. In Institiúid an Déirceachais a bhí an chuid is mó de na fir seo ar fianas i ndeireadh báire.

20. Cill Fhéich

20. Cill Fhéich D'athraigh an 5ú Cathlán as Fionnghlas go Cill Fhéich amach sa lá Dé Máirt, an 25 Aibreán, agus rinneadh roinnt ionsaithe ón áit sin.

21. Baile an Bhallúnaigh

D'athraigh an campa as Cill Fhéich go Baile an Bhallúnaigh, gar do Bhaile Gháire, agus is ón áit seo a rinneadh ionsaí ar Bheairic an RIC agus ar Oifig an Phoist i mBaile Gháire agus an t-ionsaí ar Chill Dhéagláin.

“FINGAL HAS CONTRIBUTED MORE THAN ITS SHARE.”

(Éamon de Valera, on the death of Richard Coleman)

Bhí ról faoi leith ag Fine Gall maidir le hÉirí Amach 1916. Bhí fir agus mná as gach cuid den chontae in Óglaigh na hÉireann, in Arm Cathartha na hÉireann agus i gCumann na mBan agus rólanna tábhachtacha acu leis na heagraíochtaí sin. Rinne na fir agus na mná sin a gcion maidir le heachtraí i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath de réir mar a tharla siad.

Chuir siad tús leis an eachtra ar ar tugadh Cath Chill Dhéagláin ina dhiaidh sin – an eachtra lámhaigh ba mhó in áit ar bith taobh amuigh de chathair Bhaile Átha Cliath i rith Sheachtain na Cásca 1916. Tugtar cuntas orthusan anseo agus ar scéal Fhine Gall agus Éirí Amach na Cásca 1916 agus luaitear ar an mapa na háiteanna tábhachtacha inar tharla eachtraí nó atá ceangailte le heachtraí a bhaineann le hÉirí Amach 1916.

Óglaigh na hÉireann

Bhí ceithre cinn de chomplachtaí sa 5ú Briogáid (Briogáid Fhine Gall) d’Óglaigh na hÉireann: Lusca, na Sceirí, Sord, Paróiste Mhaighréide.

1. Na Sceirí

Cuireadh Complacht na Sceirí Óglaigh na hÉireann ar bun an 24 Bealtaine 1914. Joseph McGuinness a bhí i gceannas ar dtús agus Joseph Thornton ina dhiaidh sin.

2. Lusca

Cuireadh Complacht Lusca Óglaigh na hÉireann ar bun an 19 Bealtaine 1914 agus bhí 40 duine ann faoi cheannas Edward Rooney. Dhéanadh Complacht Lusca Óglaigh na hÉireann traenáil i nDomhnach Bat ag teach mhuintir McAllister, náisiúnaithe móra de chuid na háite, agus stóráiltí airm sa teach céanna.

3. Sord

Cuireadh Complacht Shoidr Óglaigh na hÉireann ar bun i mí Aibreán 1914. Ceapadh Richard Coleman ina Chaptaen.

4. Paróiste Mhaighréide

Cuireadh Complacht Pharóiste Mhaighréide Óglaigh na hÉireann ar bun luath sa bhliain 1914. James Vincent Lawless a bhí ina chaptaen ar Chomplacht Pharóiste Mhaighréide.



Áiteanna a bhfuil ceangal acu le 1916

Áiteanna atá ceangailte le heachtraí nó le daoine a bhain le hÉirí Amach 1916

24. An Seanbhaile

I gContae na Mí a rugadh Mary (Molly) Adrien agus d'athraigh sí go Baile Brígin lena muintir le linn a hóige. Ar an Seanbhaile a chónaigh sí an chuid is mó dá saol fásta. I ndeireadh na bliana 1915 rinneadh comhalta d’Ardchraobh Chumann na mBan di agus bhunaigh sí craobh i Lusca. Bhí ról mórhábhachta le Molly agus an rath a bhí ar obair an 5ú Cathlán agus í ag iompar teachtaireachtaí gach lá idir an 5ú Cathlán agus Ard-Oifig an Phoist. Bhí baint mhór aici mar sin leis modh cumarsáide idir an dá ghrúpa a choinneáil ar bun. Thug sí fianaise go mbíodh sí ag obair leis na daoine de chuid Chumann na mBan a bhí lonnaithe ann nuair a bhíodh sí in Ard-Oifig an Phoist, go raibh sí ann nuair a séideadh Halla an Linéadaigh agus an uair a tugadh Séamus Ó Conghaile isteach agus é gortaithe. Bhí gaolta leis na hÓglaigh ag teacht chuig a teach ag fágáil teachtaireachtaí agus éadaigh le cur isteach chucu. Bhí sí i láthair ag Cath Chill Dhéagláin, áit ar chuidigh sí leis an Dr Richard Hayes ag cur cóir leighis ar Óglaigh agus ar fhir de chuid an RIC. Lean sí ag obair ar son chúis na poblachta tar éis an Éirí Amach. Chuir sí in aghaidh an Chonartha agus i mí Iúil 1949 a fuair sí sí bás.



25. Baile an tSásaraigh, Sord

Bhí muintir Laighléis ar na dreamanna ba thábhachtaí i gcúrsaí an náisiúnachais i rith ré na réabhlóidíochta. Bhíodh feirm an teaghlaigh i mBaile an tSásaraigh in úsáid mar stór airm agus ábhar pléascaigh ag na hÓglaigh. I nGaeilge amháin a líon siad foirm an daonáirimh sa bhliain 1911 ónar léir go raibh an deichniúr clainne a bhí ar marthain ina gcónaí le Proinsias agus Cáit. Bhí Proinsias ina Cheathrúnach ag an 5ú Cathlán (Fine Gall) agus páirt mhór aige in armáil na nÓglach. Bhí beirt mhac leis, Seosamh agus Colm, sáite sna hÓglaigh freisin agus in Arm na Poblachta agus in Arm an tSaorstáit ina dhiaidh sin. Bhí an triúr acu páirteach in Éirí Amach 1916. Bhí beirt iníon leis, Caitlín agus Eibhlín go mór chun tosaigh i gCumann na mBan agus bhí siadsan páirteach

Arm Cathartha na hÉireann

5. Baile Dúill

Bhí aonad de chuid Arm Cathartha na hÉireann i mBaile Dúill agus bhí daoine de chuid an aonaid sin in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach i rith an Éirí Amach. Ba é seo an t-aon aonad amháin a bhí lonnaithe i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Bhí cuid mhór d’fhir an aonaid ar fianas i bhFaiche Stiabhna faoi cheannas Mhichael Mallin. Maraíodh duine amháin d’aonad Bhaile Dúill, James McCormack, i rith an Éirí Amach.

Suíomhanna Eachtraí

Suíomhanna inar tharla óglaigh nó saighdiúirí a shlógadh, eachtraí troda an RIC, ionsaithe ar línte cumarsáide.

6. Cill Dhéagláin

Dé hAoine, an 28 Aibreán, d’ionsaigh an 5ú Cathlán Óglaigh na hÉireann beairic an RIC i gCill Mhúine, Cill Dhéagláin. Sheas an RIC an fód ar feadh tamaill ach ghéill na fir istigh nuair a chaith na hÓglaigh buamaí leis an bhfoirgneamh. Nuair a bhí an géilleadh ar siúl, tháinig fórsa mór neartaithe de chuid an RIC as Baile Shláine agus thosaigh an troid an athuair. Bhí Cath Chill Dhéagláin, mar a tugadh air ina dhiaidh sin, ar an eachtra trodaíochta is mó a thit amach taobh amuigh de chathair Bhaile Átha Cliath i rith Sheachtain na Cásca agus an t-aon chath a chuir na hÓglaigh ar fhórsaí an údaráis i rith an Éirí Amach ar fad. Ba léir uaidh sin an bhuntáiste atá le treallchogaíocht, ó bhí na hÓglaigh, ainneoin a bheith le dream níos líonmhaire ná iad féin, in ann go maith seasamh le lucht an RIC. Tar éis roinnt uaireanta a chloig den troid, ghéill lucht an RIC agus iad a cheapadh go raibh i bhfad níos mó de na hÓglaigh ann ná mar a bhí. Tharla gortú agus marú ar an dá thaobh. Chuir an Dr Richard Hayes cóir leighis orthu siúd a gortaíodh. Bhí ochtar den RIC a maraíodh ar an láthair nó a fuair bás óna gcuid gortuithe ina dhiaidh sin, ina measc an Cigire Contae, Alexander Gray, agus an Cigire Ceantair, Harry Smyth. Maraíodh beirt Óglach - John (Jack) Crenigan agus Thomas Rafferty. Maraíodh triúr sibhialtach chomh maith. Bhí Molly Adrien, Monica (Dot) Fleming agus Eibhlín Laighléis páirteach sa chath ina dteachtairí agus ag tabhairt aire do na fir a gortaíodh. Ba mhór an bua a bhí ann do na hÓglaigh agus ba mhór an t-iontas dóibh dá bharr sin nuair a tháinig an scéal go raibh na ceannairí i gcaithair Bhaile Átha Cliath tar éis géilleadh agus orduithe dóibhsean a gcuid airm a leagan uathu.



7. Baile Gháire

lonsaíodh beairic an RIC mall sa lá Céadaoin Sheachtain na Cásca, an 26 Aibreán 1916. Bhí an bheairic folamh ó bhí sí tréigthe ag lucht an RIC a chuaigh go Baile Brígin. Cuireadh an trealamh cumarsáide in oifig an phoist sa cheantar as ord.

8. Na Sceirí

Luan Cásca, an 24 Aibreán 1916, an lá céanna ar cuireadh tús leis an Éirí Amach bhí ollchruinniú earcaíochta ar siúl sna Sceirí, ag iarraidh ar dhaoine dul isteach i bhfórsaí na Breataine. Níos deireanaí i rith na seachtaine, bhí de thoradh ar luaidreáin gur b’fhéidir go raibh ionsaí déanta acu na hÓglaigh ar stáisiún an chórais raidió, gur cuireadh 200 saighdiúir de chuid na Breataine go dtí an baile chomh maith le dhá shuítheach cabhlaigh. Níor tharla ionsaí ar bith den chineál sin.

9. Crosbhóthar Ráth Béil, Sord

Rinne 120 duine den 5ú Cathlán slógadh Domhnach Cásca, an 23 Aibreán 1916, ag Crosbhóthar Ráth Béil go dtí gur cuireadh in iúl dóibh go raibh an tÉirí Amach curtha ar ceal tar éis d’Eoin Mac Néill an t-ordú cealaithe a cur amach.

10. Droichead Chnoc Siáin, Sord

Tar éis ar tharraing an t-ordú cealaithe de mhearbhall Domhnach Cásca, roghnaíodh Droichead Chnoc Siáin mar ionad do shlógadh na nÓglach ar Luan Cásca, an 24 Aibreán 1916. Tuairim is 50-70 fear a d’éirigh amach, i bhfad níos lú ná mar a bhí á thuar.

11. Sord

D’ionsaigh trí cholún de na hÓglaigh beairic an RIC i Sord, Dé Céadaoin, an 26 1916. Fuair siad an lámh in uachtar ar an líon beag de lucht an RIC, ghabh airm agus armlón agus chuir an gléas teileagraif in oifig an phoist i Sord ó mhaith.

12. Domhnach Bat

Ionsaíodh beairic an RIC Déardaoin, an 27 Aibreán 1916. Gortaíodh constábla amháin agus gabhadh líon beag raidhfíil.

13. Baile Roistéir, An Ros

Tobann go maith tar éis dóibh slógadh a dhéanamh Luan Cásca, an 24 Aibreán 1916, d’fhéach dream beag de na hÓglaigh le droichead an bhóthair iarainn i mBaile Roistéir a chur ó úsáid le hábhar pléascaigh. Rinneadh damáiste ach níor cuireadh an droichead ó mhaith. Rinneadh an dara hiarracht Dé Céadaoin, an 26 Aibreán 1916, ach níor éirigh leis an iarracht sin ach oiread.

14. Binn Éadair


Ar chnann de na heachtraí cinniúnacha roimh Éirí Amach na Cásca 1916, bhí na céadta raidhfíil Gearmánacha agus armlón a chur i dtír i mBinn Éadair an 26 Iúil 1914, as an Asgard, luaimh Erskine Childers. Bhí complachtaí na nÓglach sna Sceirí, i Sord agus i Lusca ar na dreamanna a chuidigh leis na hairm a thabhairt i dtír agus a chur chun bealaih.

15. Binn Éadair

An fhad a bhí an tÉirí Amach ar siúl, bhí lucht an údaráis in inní go bhféachfaí leis an gcábla cumarsáide i mBinn Éadair a chur ó mhaith, rud a chuirfeadh isteach ar an gcumarsáid leis an mBreatain. Cuireadh 20 saighdiúir de chuid arm na Breataine ag gardáil na háite ach níor tharla aon ionsaí.

16. Baile Bhlainséir

Rinne na hÓglaigh iarrachtaí an bóthar iarrainn a chur ó úsáid i mBaile Bhlainséir agus sa Chabhrach Dé Máirt, an 25 Aibreán 1916. Níor éirigh leo.



31. Mullach Eadrad

Is é an Saighdiúir Singil Michael Carr, an 3ú Cathlán, Reisimint Ríoga na hÉireann, an t-aon Éireannach in arm na Breataine ar eol gur maraíodh é i rith an Éirí Amach agus a bhí ann ceangal aige le Fine Gall. Ní heol cár rugadh é ach is i Mullach Eadrad a bhí cónaí air agus maraíodh i mBaile Átha Cliath é an 24 Aibreán 1916.

32. Baile an Chairpintéaraigh, Caisleán Cnucha

Bhí roinnt daoine as Baile Bhlainséir, Caisleán Cnucha, Cluain Saileach agus ceantair máguaird ina nÓglaigh i gcathláin a bhí ag troid i gCathair Bhaile Átha Cliath i rith Sheachtain na Cásca. Duine acu siúd a bhí in Thomas Carty as Baile an Chairpintéaraigh. Bhí seisean sa 4ú Cathlán Óglaigh na hÉireann agus é ar fianas i nDrioglan Jameson le Con Colbert. Cuireadh i bpríosún i Knutsford é tar éis an Éirí Amach. Chuaigh sé ar ais le hÓglaigh na hÉireann arís ina dhiaidh sin agus throid sé in Arm na Poblachta i rith Chogadh na Saoirse.

33. Cluain Saileach

Ceapadh William Evelyn Wylie as Teach Chluain Saileach ina Chunsailéir an Rí sa bhliain 1914 agus bhí sé ar dhuine den Chóir Traenála Oifigeach a chosain Coláiste na Tríonóide i rith an Éirí Amach. Ceapadh ina oifigeach ionchúisim thar ceann na Corónach é, gan choinne aige leis, nuair a bhí cúirt airm á chur ar cheannairí an Éirí Amach. Tá iomrá air faoina rá gur máistir scoile gan tábhacht a bhí in Éamon de Valera, rud a ndeirtear gurb é a



© Comhairle Chontae Fhine Gall, 2016 Arna thionsú ag: Helena Bergin, Oifigeach Caomhnúcháin; Bernard Kelly, Starai; Gerry Clabby, Oifigeach Oidhreachtá Dearadh agus Mairsiúcháin: Laughing Lion Design

29. Sruthán na gColl, Port Mearnóg

(30) Bhí sé i gceannas ar ghnéithe an tsearmanais de shochraid Thomáis Ághais tar éis dósan bás a

1 dTeach Shruithán na gColl, Port Mearnóg a chónaigh Eoin Mac Néill, Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann, go dtí an bhliain 1908. I gContae Aontroma a rugadh é sa bhliain 1867. Chuidigh sé le Dubhghlas de hÍde Conradh na Gaeilge a chur ar bun sa bhliain 1893 agus ceapadh ina Ollamh le Luathstair na hÉireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é sa bhliain 1908. Mar gheall ar alt a scríobh sé ag moladh go gcuirfí fórsa náisiúnta óglachais ar siúl, bunaíodh Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1913 agus eisean ina Cheann Foirne orthu. Tar éis don scoilt a theacht sna hÓglaigh i ndeireadh na bliana 1914, ba é Mac Néill a bhí ina cheannaire orthu feasta. Níor tuigeadh dó éirí amach faoi airm a bheith á bheartú Seachtain na Cásca go dtí laethanta beaga roimh ré. Ar a chloisteáil dó gur gabhadh Ruairí Mac Easmuinn agus nach mbeadh na gunnaí ón nGearmáin ar fáil, thug Mac Néill ordú an t-éirí amach a chur ar ceal agus bhí sin ina chúis le laghdú ar líon na nÓglach a rinne slógadh. Ní raibh sé páirteach san Éirí Amach ach gabhadh é agus gearradh príosúnacht saoil air. Scaoileadh as an bpríosún é sa bhliain 1916, toghadh ina fheisire parlaiminte do pháirtí Shinn Féin é sa bhliain 1918 agus bhí sé sa Chéad Dáil. Bhí sé ina Aire le cúraimí éagsúla ach chaill sé an suíochán Dála sa bhliain 1927. Fuair sé bás sa bhliain 1945 agus tá sé curtha i Reilig Chill Barróg.

30) Bhí sé i gceannas ar ghnéithe an tsearmanais de shochraid Thomáis Ághais tar éis dósan bás a